

Tomás de Bhaldraithe: saol agus saothar

Author(s): LIAM MAC AMHLAIGH

Source: *Comhar*, Iml. 69, Uimh 11 (SAMHAIN 2009), pp. 12-13

Published by: Comhar Teoranta

Stable URL: <https://www.jstor.org/stable/41497663>

Accessed: 16-07-2019 09:18 UTC

JSTOR is a not-for-profit service that helps scholars, researchers, and students discover, use, and build upon a wide range of content in a trusted digital archive. We use information technology and tools to increase productivity and facilitate new forms of scholarship. For more information about JSTOR, please contact support@jstor.org.

Your use of the JSTOR archive indicates your acceptance of the Terms & Conditions of Use, available at <https://about.jstor.org/terms>



Comhar Teoranta is collaborating with JSTOR to digitize, preserve and extend access to *Comhar*

JSTOR

Tomás de Bhaldraithe: saol agus saothar



LIAM MAC
AMHLAIGH

Caoga bliain ó shin i mbliana d'fhoilsigh an Roinn Oideachais *English-Irish Dictionary* agus tháinig ainm Thomáis de Bhaldraithe chun cinn i mbéal an phobail. Lean cáil a fhoclóra i rith a shaoil féin agus chuir sé cuid mhór eile leis an éacht sin go dtí an uair a bhásaigh sé. Go scrúdaímis ag an tráth seo in achoimir a shaol agus a saothar.

Rugadh Tomás Mac Donnachadha de Bhaldraithe nó Thomas Waldron i mBaile na Cora i Luimneach ar 14 Nollaig 1916. Fuair sé bás ar 24 Aibreán 1996 agus é ag seoladh *The Words We Use* le Diarmuid Ó Muirthe i gClub na nEalaíon, i mBaile Átha Cliath. Buachaill ciúin a bhí ann; thaitin sé leis stampaí a bhailiú, ag léitheoireacht agus ag rothaíocht. Nuair a bhí an chlann sin óg, ní raibh ach beagáinín Gaeilge sa bhaile.

Bhí athair de Bhaldraithe ag múineadh ranna agus amhráin as Gaeilge. Gaeilgeoir breac-Ghaeltachta ab ea a athair (Gaeilge a fuair sé as leabhair agus ranganna an Chonartha). Phós Seán de Bhaldraithe Máire Nic Conamara. Tháinig an teaghlach go Baile Átha Cliath agus bhí cónaí orthu in Ascal Belmont i nDomhnach Broc. Chuaigh sé ar scoil i bPáirc Mhucrois agus Coláiste Belvedere. Bhí an chéad deis aige taisteal go dtí an Ghaeltacht sa bhliain 1933.

Bhuaigh sé scoláireacht iontrála le dul go dtí an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, sa bhliain 1934, áit ar bhain sé amach céim onóracha sa Ghaeilge agus sa Fhraincis agus an chéad áit sa Ghaeilge aige. Bhain sé MA sa Ghaeilge amach i

1939 ar thráchtas dar teideal “Bunús na hAislinge”, chuaigh sé go Páras ar staidéarachta taistil ó Ollscoil na hÉireann agus é ag staidéar san Ecole des Hautes Etudes faoi ollúna aitheanta domhanda.

Bhí an chuma ar an scéal go raibh sé ar intinn aige a shaol a chaitheamh ag saothrú stair na Gaeilge agus gnéithe den litríocht. Ach chuir an cogadh isteach ar a chuid foghlama agus tugadh cead dó an dá bhliain dheireanacha dá scoláireacht a chaitheamh i mbun staidéir ar Ghaeilge Chois Fharraige. I Meitheamh 1941, roghnaíodh é féin agus triúr eile chun dul i mbun tionscnaimh ar an nGaeilge labhartha, mar chuid de chúrsa foghraíochta, i Scoil an Léinn Cheiltigh in Institiúid Ard-léinn Bhaile Átha Cliath. Chuir Eileen Evans ó ollscoil Londain oiliúint agus treoir orthu ó Mheitheamh 1941 go hEarrach na bliana ina dhiaidh. Ba é ba thúisce a chuir saothar críochnaithe ar fáil.

Bronnadh Ph.D. air sa bhliain 1942 as tráchtas a scríobh sé ar Ghaeilge Chois Fharraige. Nuair a bunaíodh an Comhchaidreamh, bhí sé ina leaseagarthóir ar *Comhar* faoi Sheán Ó hÉigeartaigh agus Sheán Ó Buachalla, mar stiúrthóir agus eagarthóir faoi seach. Ceapadh é ina chúntóir ollscoile sa Choláiste Ollscoile i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1944 agus bliain caite aige mar scoláire in Institiúid Ard-léinn Bhaile Átha Cliath.

Sa bhliain 1946 ceapadh é ina léachtóir cunta agus i 1952, ina léachtóir. Bhí sé ar an ngearrliosta de thriúr don phost ollúnachta Nua-Ghaeilge ann sa bhliain 1952 ach ghnóthaigh Mícheál Ó hAodha

an post. Sa bhliain 1960, agus foilsíú an fhoclóra seo curtha i gcrích, bhain sé amach an ollúnacht i litríocht agus teanga na Nua-Ghaeilge san ollscoil chéanna, agus é ina Cheann Roinne chomh maith.

Rinne sé taighde cuimsitheach ar Ghaeilge na Gaillimhe ar feadh breis is daichead bliain: *The Irish of Cois Fhairrge, Co. Galway: a phonetic study* (1945), *Gaeilge Chois Fhairrge: an Deilbhíocht* (1953) agus *Fóirisiún Focal as Gaillimh* (1985) mar aon le mórán nótaí ar fhocail agus ar phointí gramadaí in irisí léannta. Sa bhliain 1945, cheap an Roinn Oideachais é ina eagarthóir (páirtaimseartha) ar *English-Irish Dictionary*. Dhiúltaigh sé tairiscint ó Chumann na Scribheann Gaeilge sa bhliain 1947 a bheith ina eagarthóir ar fhorlíonadh le Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhuinnín.

Ina dhiaidh sin, bhí sé ina eagarthóir comhairleach páirtaimseartha ar *Foclóir Gaeilge-Béarla* a foilsíodh i 1977 (eag. Niall Ó Dónaill). San fheidhm sin, chuir sé an scéim bhunaidh le chéile i gcomhar le Niall Ó Dónaill agus chuidigh sé leis an bhfoireann ceisteanna ar dhréachtadh na bhfocal a fhreagairt. Nuair a bhí obair an fhoclóra sin curtha i gcrích aige, d'oibrigh sé ar a thionscadal deireanach don Roinn Oideachais sa bhliain 1978: ceartúcháin agus téarmaíocht bhreise a chur ar fáil i mionleabhrán le *English-Irish Dictionary* le téarmaí agus leaganacha coitianta teicniúla nó ceirdiúla Béarla nach bhfuil in *English-Irish Dictionary* a chur ar fáil.

Ach is í an mhóraidhm a bhí aige ná mórfhoclóir stairiúil aonteangach a chruthú ó thréimhse iarchlasaiceach na teanga ar aghaidh. Nuair a bhí Acadamh Ríoga na hÉireann ag beartú mórfhoclóra Gaeilge-Gaeilge sa bhliain 1976, bhí eagarthóir ginearálta á lorg chun an tionscadal a stiúradh. Ceapadh de Bhaldraithe. Socraíodh é a cheapadh freisin i gcathaoir nuabhunaithe sa Choláiste Ollscoile, Ollúnacht le Canúineolaíocht na Gaeilge, i 1978.

Chuir sé seo ar a chumas a chuid ama a roinnt idir an dá institiúid. Leanadh mar seo go 1986, an uair a scoir sé ón gColáiste Ollscoile agus uaidh sin ar aghaidh, stiúraigh sé foireann an fhoclóra san Acadamh go dtí an bhliain 1994. Chaith sé tamall ag tabhairt comhairle do Collins i dtaobh na bhfocal i mBéarla atá ar fáil in Éirinn amháin agus as na focail sin, iad siúd de bhunús na Gaeilge. Anuas air sin chomhairligh sé Oxford ar phointí áirithe maidir le sanasaíocht focal i nGaeilge. Bhí cumas oibre den chéad scoth ag de Bhaldraithe. Bhí an díograis sin curtha i gcrích ar gach tionscadal foclóra a raibh baint aige leis. Mar laigí, is féidir a áireamh nach raibh sé in ann freastal go hiomlán ar riachtanais an nuashaoil ó thaobh na bainistíochta de réir mar a chuaigh sé in aois. Lena chois sin, níor chuidigh sé leis féin nuair nár ghlac sé córas na stáitseirbhíse mar mhodh chun an obair foclóireachta a bhí le déanamh aige a chur i bhfeidhm.

Bhraith sé uaireanta an mhoill a bhain leis an modh sin agus

uaireanta, ar mhaithe na héifeachta, rinne sé iarracht an modh sin a sháru. Dar le hÉamonn Ó hÓgáin, chreid de Bhaldraithe sa Ghaeilge mar theanga bheo, ní hamháin mar mheán labhartha chun plé le gnáthchúrsaí an lae sa Ghaeltacht ach mar mheán ina gcuirfeadh Éireannaigh iad féin in iúl i ngach cuid den tír agus iad ag plé le gach gné dá saol comhaimseartha. Bhí dhá phríomhéifeacht ag obair Thomáis de Bhaldraithe in réimse na foclóireachta san fhichiú haois:

1. Cur le soláthar na bhfoclóirí san aois;
2. Forbairt na foclóireachta ina dhisciplín léinn, sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, go háirithe.

I suíomh acadúil na Gaeilge, ní dhearnadh dul chun cinn maith ar an bhfoclóireacht mar ábhar léinn go dtí lár an chéid seo caite, comhthreomhar le forbairt na ceirde ina hábhar léinn ar fud an domhain. Ba é de Bhaldraithe go príomha a bhí ina cheannródaí ar fhoclóireacht na Nua-Ghaeilge a chíoradh agus a phlé go teoiriciúil. Tar éis dó éirí as a chuid cúraimí Ollscoile lánaimseartha agus é ceapaithe ina Ollamh le Canúineolaíocht na Gaeilge sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus ina Eagarthóir Ginearálta ar Fhoclóir Stairiúil na Nua-Ghaeilge in Acadamh Ríoga na hÉireann, lean de Bhaldraithe le hanailís ar dhéanamh ar an bhfoclóireacht stairiúil i sraith alt go bliain a bháis agus chuir sé taighdeoirí ag obair faoina stiúir le foclóireacht na gcanúintí a neartú agus a thaifeadadh. Bhí tús curtha le staidéar acadúil ar na hábhair seo sa tsraith de Dheascáin Fhoclóireachta a foilsíodh faoi scáth an Acadaimh.

Andúileach focal ab ea de Bhaldraithe. Ó thaobh an

fhoghlaimeora, ní fhéadfaí duine níos díograísa a fheiscint le bheith lán-eolach ar a leithéid. Níor léirigh sé mórán omóis uaireanta do chóras na Stáitseirbhíse, bíodh agus é umhal do chóras na hOllscoile i gcónaí. Bheireadh sé sásamh faoi leith dó dá dtiocfadh sé ar fhocal Ultach ina chuid oibre foclóireachta – focal a tharla i dtéacs Ultach – agus a d'éirigh leis a leanúint go bun scríbe, mar bhí a fhios aige go raibh an cháil amuigh air go raibh sé “frith-Ultach”. Is minic a tugadh mar fhianaise air sin a laghad d'fhocail “Ultacha” is atá in *English-Irish Dictionary*. Leag sé saibhreas d'fhorbairt na foclóireachta mar dhisciplín léinn, ina staidéar acadúil agus lorg sé na bealaí chun caint bheo na Gaeltachta a úsáid le doimhneacht a chur ar fáil don fhoclóir cloíte a bhí sa teanga.

Gan aon amhras, síltear de Bhaldraithe, ar aon dul le Niall Ó Dónaill agus le Pádraig Ó Duinnín, ina shlápaithéoir ar fhoclóireacht na Nua-Ghaeilge san aois seo caite.

Léachtóir le litríocht agus teanga na Gaeilge i gColáiste Oideachais Froebel i mBaile Átha Cliath é an t-údar. Tá a leabhar Foclóirí agus Foclóiríthe na Gaeilge (Cois Life, €15) ar díol.

